'Ni neart go cur le chéile'

Le Cìaràn O Pronntaìgh
in Bautzen

Chain MIDAS cinneadh rialtas na Spàinne gan ligean do bheirt fhear nuachtàin teacht chuig Cruinniù Ginn Bhliana na heagraiochta ag an deireadh seachtaine.

Ba in Bautzen na Gearmàine a bhì an chomhdhàil, àit ar bhailigh toscairi o mhórchuid na nuachtàn laethùil Eorpach a fhoilsìonn i mionteanga.

Ina measc, bhì Catalóiniseoiri, Gailìsiseoirf, Gearmàiniseoiri, Bascaiseoiri, Slóivéiniseoirì, Sualainniseoiri, Polainniseoirì, Ungàiriseoirì, Gael (ón nuachtàn seo) mar aon le Sorbaiseoiri, a d'eagraigh an cruinniù ar son MIDAS.

Ag caint ar chàs Martxello Otamendi agus Inaki Uria, dùirt Toni Ebner, Uachtaràn atofa na heagraiochta, gur bhain an daonlathas le saoirse na meàn agus "go raibh an ceart ag gach mion-lach a dteanga féin a ùsàid."

Dhruid rialtas na Spàinne an nuachtàn laethùil Bascach, *Egunkaria*, i 2003, agus ghabh siad an t-eagarthóir, Martxello Otamendi, an Bainisteoir Stiùrtha, Inaki Uria agus seachtar eile ón nuachtàn. I ndiaidh tamall a chaitheamh i bpriosùn, agus céasadh, scaoileadh saor iad ach gan cead imeacht o stàt na Spàinne.

Scaoileadh Inaki saor le MIDAS nò nuair a bhi ionsaì ar nuachtàn amhàin, 'b'ionann è agus ionsaì ar na baill uile."

Pléadh càs *Là* agus an fhadhb a bhì aige a dheontas a fhàil de thairbhe cur isteach polaitiùil.

I dtuairisc a cuireadh faoi bhràid an chruinnithe, chuir an Rùnai, Günther Rautz, in iùl go raibh tri mhilliùn duine ina gcónaì san Eoraip a léann ceann amhàin de na 30 nuachtàn laethùil atà ina mball de MIDAS, gach là.

Seans a bhi sa chruinniù eolas agus taithì a mhalartù idir na baill agus thug gach nuachtàn gearrthuairisc faoi cad è mar a bhì ag éiri leo ón bhliain anuraidh.

Glacadh leis anois gur chóir nuachtàin laethùla i mionteangacha a bheith ann agus gur chóir deontas a ìoc leo, dar le Bojan Brezigar, bali Bhord MIDAS.

Luadh an mhir faoi mhionteangacha i mBunreacht na hEorpa mar dhóigh amhàin a dtiocfadh leis an eagraìocht deathionchar a imirt ar lucht déanta polasaì san Eoraip, ar leibhéal an stàit agus ar leibhéal na hEorpa.

Cé gur glacadh leis go raibh dui chun cinn déanta le tamall anuas, thug Bojan rabhadh gur chóir bheith ar a n-airdeall:

"D'fhéadfadh le maorlathaì mùscailt, maidin éigin, agus a rà gur chóir gach deontas do

roinnt mionna o shin agus tà baol ann go gcùiseofar è fós.

Tà Martxello ina eagarthóir ar an nuachtàn nua Bascaise, *Berna*, agus cé nach raibh sé in ann a bheith i làthair, atoghadh è ar Bhord MIDAS i vota d'aon ghuth.

D'iarr Toni Ebner cead ón chruinniù cead a bheith ag an Bhord bealach a aimsiù ina dtig le MIDAS Inaki "a chosaint", rud a fuair sé d'aon ghuth, chomh maith.

"Ehi Martxello ar dhuine de bhunaitheoiri MIDAS agus druideadh an nuachtàn gan aon locht a bheith ar an nuachtàn," ar sé.

Dùirt sé go raibh tàbhacht nuachtàin mhionlacha a ghearradh.

"Ni mór dùinn bheith faoi réir d'ionsaithe mar sin."

Ehi taispeàntas ann le linn na comhdhàla faoi dhéanamh 'riomhnuachtàin', leagan leictreonach den nuachtàn a d'fhéadfadh a chur ar fàil do shìntiùsóiri agus dùirt an bord go bhfiosródh siad an scéal sa dóigh is go n-éascófai an próiseas teicniùil do gach nuachtàn.

Ehi dea-scéal ann ag an chomhdhàil, chomh maith, nò thug *Y Byd*, nuachtàn Breatnaise atà beartaithe, le fios go dtosódh siad mi Mhàrta, an bhliain seo chugainn.

Toni Ebner, Uachtaràn atofa MIDAS, ag Cruinniù Ginn Bhliana na heagraìochta in Bautzen, an Ghearmàin, ag an deireadh seachtaine.

AR DHEIS
Cuid den na baill a bhi i làthair ag an Chruinniù Ginn Bhliana. Bhi an chuid is mò den 30 bali de MIDAS i iàthair, àit ar pléadh fadhbanna agus féidearthachtaì nuachtàin laethùla i mionteanga.